Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0374(COD)**

**13801/21**
**ADD 1**

**CODEC 1456**
**COMPET 801**
**MI 830**
**RC 44**
**TELECOM 412**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13192/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14172/20 + ADD 1-4 - COM(2020) 842 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha)<br>– Cur chuige ginearálta<br>– *Ráiteas comhpháirteach ó thoscaireachtaí na Danmhairge, na hIodáile, na Portaingéile agus na Spáinne* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas comhpháirteach ó thoscaireachtaí na Danmhairge, na hIodáile, na Portaingéile agus na Spáinne maidir leis an ábhar thuasluaite ag féachaint do chruinniú na Comhairle Iomaíochais an 25 Samhain 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN MAIDIR LE MARGAÍ INCHOIMHLINTE AGUS COTHROMA SAN EARNÁIL DHIGITEACH (AN IONSTRAIM UM MARGAÍ DIGITEACHA) – CUR CHUIGE GINEARÁLTA**

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN IODÁIL, ÓN BPORTAINGÉIL AGUS ÓN SPÁINN**

Tacaímid leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht chun teacht ar an gCur Chuige Ginearálta ag Comhairle COMPET an 25 Samhain 2021.

Mar sin féin, cuirimid i dtreis go láidir an gá atá le feabhsuithe ionas nach maolófar an Ionstraim um Margaí Digiteacha le linn na caibidlíochta sa chuid eile den nós imeachta a bheidh ann amach anseo.

Mar shampla, creidimid gur léiríodh easpa uaillmhéine leis an gcinneadh raon feidhme Airteagal 6(1)(k) maidir le coinníollacha córa, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha (FRAND) i ndáil le rochtain d'úsáideoirí gnó a theorannú do shiopaí feidhmchlár bogearraí.

Tugadh chun suntais le cásanna a bhí ann le déanaí, go bhfuil éagothroime láidir fós ann freisin sa chaidreamh conarthach idir geatóirí agus úsáideoirí gnó i ndáil le rochtain ar innill chuardaigh agus ar sheirbhísí líonraí sóisialta, as a n-eascraíonn dálaí éagobhsaí, éagothroma a d'fhéadfadh a bheith éagórach. Bhí tionchar diúltach díreach ag na cleachtais sin ar chomhpháirtithe gnó, lenar baineadh an bonn den inchoimhlinteacht fhadtéarmach agus den fhéidearthacht rogha a bheith ag úsáideoirí, chomh maith le hinrochtaineacht iomlán agus cáilíocht an ábhair.

Tacaímid, dá bhrí sin, le méadú raon feidhme Airteagal 6(1)(k) chun innill chuardaigh agus seirbhísí líonraí sóisialta a chumhdach.

Tá muinín againn go dtabharfar aird chuí dháiríre ar an iarraidh sin le linn na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo.